

Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

Cruinniú Bord Bainistíochta 8ú Meitheamh 2021

1. Comhbhrón le muintir Icidhe ar bhás Katrina. Ritheadh rún comhbhrón leis an gclann.
2. ComhghairDeas le Rita a bheidh ag éirí as a post ar an 20/08/21. Déanfar bronnadh uirthi go luath.
3. Síneadh: cruinniú le bheith ag an bhFoireann Dearadh i m Iúil. Táid ag feitheamh le dáta.
4. Comhfhreagras: ón ROS (aerú, scrúduithe srl.); ón Easpag (Reiligiún mar ábhar); ón ROS faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.
5. Polasaí um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta (PUI) 2021-2022 leasaithe chun Ipad an dalta do 2021/2022 a thógaint san áireamh – buíochas le GÓC as a chuid oibre ar seo; Polasaí Gaoluinne: Á fhorbairt go leanúnach. Sínead curtha leis an bPolasaí (athbhreithniú le déanamh i 2022); Poist Freagrachta: Liosta na richtanais leasaithe agus faomhaithe.
6. Slí Bhriain: sreang le tógaint, comharthaí nua faoi shláinte agus sábháilteacht (rothair, madraí srl.) Moladh go mbeadh bosca brúscar agus na málaí do ghadhair GNÍM.
7. Do léigh an Rúnaí tuairisc ar na nithe seo a leanas:

CEISTEANNA OIDEACHASÚLA:

AT 2021:

Tá na gráid creidiúnaithe aighnithe againn.

Tá na scrúduithe le tosnú amárach. Bhí socruithe breise le cur i bhfeidhm ach tá an t-ádh linn go bhfuil an cuntóir, ANÍR, in ann gach rud a thabhairt le chéile. Tá moladh tuillte ag SÓD freisin a d'eagraigh na measúnuithe i gcaitheamh na bliana.

Torthaí le teacht ar an 3/09/21.

Plean Curaclam:

Gach ábhar á sholáthar. Fisic ar líne. (cóip den chlár ábhar tugtha don Bhord).

DALTAÍ:

- Plean Folláine forbartha don chéad téarma. 400 uair an chloig d'Fholláine (Corpoideachas, OSPS, OSSP, Treoir).
- Cúrsa scileanna staidéir eagraithe.
- Guth an scoláirí le forbairt amach anseo; tobar lán le cumas.
- Comhghairdeas ó chróí le scoláirí bhliain a 5 a bhfuair a dara áit i gcomórtas Bhanc Cheannais na hÉireann fé stiúir a múinteoir, Judy Uí Bhuachalla. Éacht a bhí ann mar níl Eacnamíocht á staidéar acu mar ábhar agus bhí iomaíocht gearr ann. [Nasc](#)

IDIRBHLIAIN:

Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

- In ainneoin na ndúshláin, bhí deireadh na bliana broidiúil acu bíodh sé ag gabháil do taithí oibre, Sínis, turas nó dhó, péinteáil, potaí bláthanna aus bíní a dhéanamh nó a athchóiriú, cócaireacht, ceardlann le Bernard Casey, an scannán a dheineadar a fheiscint srl. Moladh tuillte acu agus ag an gComhordaitheoir, M.Ní Ch.

SPÓRT:

- Beifear ag súil le tús a chur leis seo go luath sa scoilbhliain nua. Tá suim léirithe sa chamógaíocht agus sa lúthchleasaíocht ag beirt mhúinteoir cheana féin.

TUISMITHEOIRÍ:

- Bhí an chruinniú deireanach ar an 29/04/21. Ina measc, pléadh Aoichainteoirí do Thuismitheoirí agus Teicneolaíocht san Fhoghlaim. Beidh tacaíochtaí do thuismitheoirí ina fócas don bhliain seo chugainn má aontófar leis seo.

MÚINTEOIRÍ:

- Moladh an-mhór tuillte acu. Obair na gcapall déanta i mbliana.
- Múinteoirí faighte do Tíreolaíocht agus Gaeilge, Foirgníocht, Ealaín, Fraincis, Gairm (1/2). Fós ag obair ar Innealtóireacht, Eacnamaíocht Bhaile (1/2).
- Beirt ceapaithe ag leibhéal Príomhoide Cúnta II, duine eile le ceapadh má tá an cead againn.

Gníomhaíocht / Moltaí ag éirí astu:

- Buíochas leis na múinteoirí agus an fhoireann go léir as a gcuid oibre agus go n-éirí le muintir na hArdteiste sna scrúduithe. **ÚNÍDH.**

Dáta Aontaithe don Chéad Chruinniú Eile: -